

BARR NA BHFORMNAÍ (BUAILIDHEACHA)

An Deirc soir ó Bharr na bhFormnaí. Cnoc millteach an Deirc. Barr na Deirce – tá log isteach sa Deirc.

Tá Barr na bhFormnaí ós cionn dhá mhíle ar leithead. San am sin bhíodh beithidhigh ins an samhradh ag na tionóntaí a bhí timcheall ar an áit. Bhíodh an-chimín ann an samhradh agus an foghmhar, féar a dtugann siad giolánach air. Tá sé níos láidre ná féar a fhásann ar thalamh cineálta, go mór-mhór ag beithidhigh a mbeadh briosbrún ortha. Tá sé i ndon iad a shlánú. Bhí sealaidheacht déanta ag muinntir an bhaile, beirt do chuile sheachtain a'tabhairt aire do na beithidhigh. Bhí bráca déanta ac le haghaidh áit codlata.

Bhí beirt ann oidhche annsin agus tháinig duine aca abhaile lá ar na bhárach agus bhí sé geallta aige dhul ar ais san oidhche. Tháinig an lá an-gharbh air agus ní raibh sé i ndon dhul ar ais le gairbhthin an lae. Ní raibh goir aige a dhul ann ins an oidhche. An fear a d'fhan ina dhiaidh, nuair a bhí sé in am aige a dhul a chodladh shín sé sa gclúid. Ní raibh aon leabaidh aca ach sop craiththe fúfa. Amach san oidhche tháinig gadhar mór chuige isteach. Bhí sé i gcosmhalacht a bheith fliuch báidhte. Chuaidh sé síos go dtí an teine agus chraith sé é féin ar an teine agus thug sé múchadh mór uirthé. Fuaidh sé amach arís. Ní raibh sé i bhfad amuich nuair a tháinig sé isteach aríst, agus chraith sé é féin ar an teine aríst agus is beag nár mhúch sé ar fad í.

"Má chraitheann tú tú féin an tríomhadh huair ar an teine beidh an teine as orm-sa agus beidh mé réidh" adeir an fear leis an ngadhar.

Bhí an madadh a' tigheacht isteach an tríomhadh huair. D'eirigh an fear ina sheasamh. Bhí an sgian ina láimh. Ní dhearna sé ach sáthadh den sgian a thabhairt dó chomh maith agus d'fhéad sé agus mharbhúigh sé an madadh. Ins an áit ar thuit an madadh nuair a tháinig an lá ní raibh aon rud le feiceál le feiceál ag an bhfear ach mar a bheadh glae glas. Nuair a tháinig a chomrádaidhe lá ar na bharach sheol siad abhaile a gcuid beithidheach. Ní dheachaidh aon bheithidheach ar bharr na bhFormaol ó shoin.

Tá na Formaola go díreach sa tórainn idir Condae Mhuigheo agus Condae na Gaillimhe chomh fada soir le Abhainn Bhruin. Fásann an giolánach ina trí duilleoga fada caol. Bun maith geal air. Tá an bun éasgaidh ar a tharraingt agus tarraingigheann na beithidighan bun aníos nuair a itheann siad é.